**Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Féachaint leis gur táirgí inbhuanaithe an gnás**

*(COM(2022) 140 final)*

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a leagan síos agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE**

*(COM(2022) 142 final – 2022/0095(COD))*

(2022/C 443/18)

Rapóirtéir: **Thomas WAGNSONNER**

| | |
|---|---|
| Comhairliúchán | An Coimisiún Eorpach, 16.5.2022 |
| | Parlaimint na hEorpa, 2.5.2022 |
| | An Chomhairle, 10.6.2022 |
| Bunús dlí | Airteagal 192 (1) agus Airteagal 304 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh |
| Rannóg atá freagrach | An Rannóg um Thalmhaíocht, Forbairt Tuaithe agus an Comhshaol |
| Dáta a glactha sa rannóg | 30.6.2022 |
| Dáta a glactha sa seisiún iomlánach | 14.7.2022 |
| Seisiún iomlánach Uimh. | 571 |
| Toradh na vótála | |
| (ar son/in aghaidh/staonadh) | 205/1/4 |

## 1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Is mór ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) na tograí faoin bPlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach, agus tacaíonn sé go háirithe leis an mbealach chun táirgí a dhéanamh níos inbhuanaithe. Tá sé den tuairim freisin gur rud riachtanach atá sa chur chuige dlíthiúil comhchuibhithe. Mar sin féin, tá sé le tabhairt faoi deara go bhfuil éiginnteacht ann fós maidir le gnéithe go leor den togra le haghaidh an Rialacháin nua maidir le hÉicidhearthóireacht atá faoi réir líon mór gníomhartha tarmligthe. Chomh maith leis sin, molann CESE, i bhfianaise an ghá atá ann an t-ídiú acmhainní a laghdú agus an aeráid a chosaint, é a chur chun feidhme ar bhealach níos tapa agus níos uaillmhianaí.

1.2. Tugann CESE aird ar leith ar an tuiscint nach mbeidh rath ar an ngeilleagar ciorclach ach amháin má tá gach oibreoir eacnamaíoch – idir na táirgeoirí, na tomhaltóirí, agus na hoibrithe – mar aon leis na húdaráis phoiblí rannpháirteach ann agus ar an eolas ina thaobh. Ar mhaithe le cur chun feidhme ar fónamh, is den riachtanas rialacha iomchuí soiléire a bheith ann, rialacha maithe comhsheasmhacha chun cothrom iomaíochta a thabhairt do tháirgí inbhuanaithe.

1.3. Is díol sásaimh do CESE eilimintí nua a bheith sa Rialachán: leathnú an raoin feidhme, na ceanglais nua éicidhearthóireachta (inbhuanaitheacht, indeisitheacht, athchúrsáil, tionchar ar an gcomhshaol, astaíochtaí $CO_2$, etc.), chomh maith leis na ceanglais faisnéise tríd an bpas táirge digiteach agus na lipéid, agus tá béim ar an tábhacht atá le faisnéis chruinn iomchuí, go háirithe le haghaidh na dtomhaltóirí.

1.4. Tacaíonn CESE leis an toirmeasc ar earraí gan díol a scriosadh, is é sin earraí a dtuigtear ina leith gur earraí nua iad, earraí a tugadh ar ais, sin nó earraí indeisithe. Is díol sásaimh dó freisin go dtugtar aghaidh leis an Rialachán, i gcomhar leis an bPacáiste le haghaidh Geilleagar Ciorclach, ar ábhair imní atá ann cheana, an glas-snasú nó an dífheidhmeacht, cuir i gcás.

1.5. Comhlacht tacaíochta don chur chun feidhme is ea an Fóram Éicidhearthóireachta, fóram a bhfuil cúraimí go leor air. Sa chás seo, ba cheart deis a thabhairt do na geallsealbhóirí agus d'ionadaithe uile na sochaí sibhialta, na comhpháirtithe sóisialta san áireamh, smaointe agus moltaí a chur chun cinn chun feabhas a chur ar an bpróiseas.

1.6. Tá CESE ar an eolas faoi na dúshláin atá roimh na táirgeoirí agus na gnólachtaí, go háirithe na dúshláin atá roimh na FBManna, agus, san am céanna, ba cheart ualaí riaracháin nach bhfuil gá leo a sheachaint. Thairis sin, is léir dó go bhfuil deis ann leas a bhaint as caighdeáin maidir le hinbhuanaitheacht táirgí chun lipéad nua a chruthú do tháirgí Eorpacha — "Made in Europe".

1.7. Na huirlisí atá ann maidir le dearbhú comhlíontachta agus féinrialáil, is uirlisí iad a chuireann scóip ar fáil do lucht gnó. Rialú éifeachtúil comhordaithe idir na Ballstáit maille le faisnéis chóiriúil le haghaidh na dtomhaltóirí, is neartú muiníne atá sa mhéid sin i gcomhair an aistrithe ó gheilleagar líneach go geilleagar ciorclach.

1.8. Is trua le CESE nach bhfuil an ghné shóisialta cumhdaithe ag an Rialachán. Dhealródh sé nach leor é tagairt a dhéanamh don togra ón gCoimisiún maidir leis an Treoir i dtaca le dícheall cuí maidir le hinbhuanaitheacht chorparáideach.

## 2. **Cúlra na tuairime**

2.1. Tá an córas eacnamaíoch líneach ag cur an iomarca brú ar na hacmhainní domhanda atá ann. Le linn an ama idir comhdháil aeráide na Náisiún Aontaithe i bPáras agus an chomhdháil a bhí acu i nGlaschú, ídíodh níos mó ná leath-thrilliún tona d'acmhainní nua. Luaitear i dTuarascáil 2022 ([1]) maidir le Bearna Chiorclacha nach ndéantar athchúrsáil ach ar 8,6 % den mhéid a úsáidtear ar fud an domhain. Is é sin le rá, tá uasteorainn ciorclaíochta ann is mó ná 90 %. Is éifeachtach a thagann leis an ngeilleagar ciorclach laghdú a chur ar ídiú acmhainní.

2.2. Is rud é atá aitheanta san Eoraip gur gá na hacmhainní atá ann a spáráil. Is é an Coimisiún Eorpach a mhol an Comhaontú Glas don Eoraip, is é sin straitéis fáis an Aontais chun sochaí a chruthú a bheidh cothrom rathúil, sochaí ina mbeidh geilleagar nua-aimseartha atá iomaíoch agus é éifeachtach ó thaobh úsáid na n-acmhainní de. Tá fadhbanna sa slabhra soláthair de dheasca na paindéime agus de dheasca ionradh na Rúise ar an Úcráin, rud a fhágann gur géire feasta an gá atá le gníomhaíocht. Tá ganntanas acmhainní agus ardú praghsanna ag goilleadh ar ghnólachtaí agus ar thomhaltóirí i réimsí éagsúla go leor.

2.3. Is éard atá ann go sonrach gur thíolaic an Coimisiún Eorpach na tionscnaimh seo a leanas faoin bPlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach ag deireadh mhí an Mhárta 2022:

— An Teachtaireacht ón gCoimisiún "Féachaint leis gur táirgí inbhuanaithe an gnás"

— Togra le haghaidh Rialachán maidir le héicidhearthóireacht le haghaidh táirgí inbhuanaithe

— Plean Oibre 2022-2024 maidir leis an Éicidhearthóireacht agus le Lipéadú Fuinnimh

— Straitéis AE le haghaidh teicstílí inbhuanaithe ciorclacha

— Togra le haghaidh athbhreithniú ar an Rialachán um Tháirgí Foirgníochta

— Togra chun na tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe chuig an ngeilleagar glas

2.4. Sa tuairim seo, tá aghaidh á tabhairt ar an teachtaireacht *féachaint leis gur táirgí inbhuanaithe an gnás* (COM(2022) 140 final) agus ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a leagan síos agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE (COM(2022) 142 final — 2022/0095 (COD)).

2.5. Tá béim sa Teachtaireacht ar an ngá atá le hathmhachnamh ar an múnla eacnamaíoch líneach atá i réim, sin agus dul i dtreo geilleagar ciorclach. Tiocfaidh borradh faoin iomaíochas, cruthófar poist nua, agus cuirfear táirgí inbhuanaithe ar fáil do thomhaltóirí ach cur chuige comhchuibhithe a bheith ann ar fud na hEorpa. Ionas go bhféadfar é sin a dhéanamh, tá gá le cur chuige nua i leith táirgí a tháirgeadh, cur chuige a rachaidh níos faide leis an scéal ná na híoscheanglais atá ann i láthair na huaire (REACH, an lipéadú fuinneamh, pacáistiú, etc.).

([1]) Circle Economy: The Circularity Gap Report 2022, Project Platform for Accelerating the Circular Economy (PACE).

2.6. Beifear ag cur go han-mhór le raon feidhme an Rialacháin nua maidir le hÉicidhearthóireacht, agus maidir leis na tionscnaimh earnáilsonracha le haghaidh teicstílí, táirgí foirgníochta, etc., is mór a chuirfidh siadsan le spáráil na n-acmhainní agus leis an éifeachtúlacht fuinnimh. Thar aon ní eile, leis an ábhar nua chun síneadh a chur le saolré na dtáirgí (an inbhuanaitheacht, an indeisitheacht, athchúrsáil níos fearr, etc.), sin agus chun feabhas a chur ar an bhfaisnéis faoi tháirgí trí bhíthin an phas táirge dhigitigh, beidh ar chuideachtaí cáilíochtaí agus tionchar saolré a gcuid táirgí a chur i láthair ar bhealach trédhearcach. Cuirfear ar a gcumas do na tomhaltóirí comparáid a dhéanamh idir táirgí a chomhlíonann spriocanna inbhuanaitheachta na hEorpa, agus cuirfear ar a gcumas dóibh na táirgí sin a mheas.

2.7. Tá bearta tionlacain ann a dhéanann comhlánú ar na ceanglais táirge atá sa Rialachán maidir le hÉicidhearthóireacht. A bhuí le faisnéis éigeantach faoi na buntáistí atá le baint as na táirgí, sin agus faoi leas an chomhshaoil, chomh maith le faisnéis faoi dheisiú, faoi mharthanacht agus faoin gcosc ar an snas glas, is amhlaidh a dhéanfar seasamh agus muinín na dtomhaltóirí a neartú. Mar gheall ar na seiceálacha ar tháirgí a dhéanann údaráis phoiblí agus leis an bhfaireachán trédhearcach ar chomhlíonadh na gcritéar i leith na dtáirgí, tá cinnteacht ann maidir le rogha táirgí ardcháilíochta, agus, ar an gcaoi sin, tá cothrom iomaíochta á ráthú d'oibreoirí eacnamaíocha.

## 3. **Barúlacha ginearálta**

3.1. Tá CESE i bhfabhar, i bprionsabal, chuspóirí an gheilleagair chiorclaigh agus an tionscnaimh um tháirgí inbhuanaithe, mar is éard is mana don inbhuanaitheacht sa chás áirithe seo gnéithe den chomhshaol, den gheilleagar agus den saol sóisialta a nascadh le chéile. Ciallaíonn sé sin go gcaithfidh gach oibreoir eacnamaíoch riachtanais nua dhúshlánacha a chomhlíonadh. Caithfidh na cuideachtaí féachaint leis go gcuirfidh siad an táirgeadh mar aon le dearadh a gcuid táirgí i dtreo na hinbhuanaitheachta, agus féachaint le heolas a chur ar fáil ina dtaobh. Ní mór do na tomhaltóirí é sin a thuiscint, agus ar bhonn na faisnéise atá acu, ní mór dóibh an cinneadh "ceart" a dhéanamh ar bhealach freagrach. Meastar go bhfuil gá le feachtais iomchuí le feasacht na dtomhaltóirí a mhúscailt ina leith seo. Beidh faireachán éifeachtach ag teastáil lena áirithiú go gcomhlíonfar na spriocanna agus nach gcuirfear de dhroim seoil iad, mar is dochar a dhéanfadh sin don seasamh atá ag an Eoraip, sin nó is baol gur amhras i leith an aistrithe ghlais an toradh a bheadh air. Is é cuspóir atá ann thairis sin poist mhaithe a chruthú, feabhas a chur ar chúrsaí forbartha, dearcadh cuimsitheach ar an scéal a thabhairt i gceist, agus tomhaltóirí agus custaiméirí a bhfuil buntáiste an eolais acu.

3.2. Leagtar síos caighdeáin nua sa Rialachán seo agus leis an ngeilleagar ciorclach araon. Ionas gur féidir na ceanglais sin a ghlacadh, agus brí agus beocht a chur iontu, agus próiseas an gheilleagair chiorclaigh a bheith mar thoradh orthu, beidh ar na hoibreoirí eacnamaíocha – tomhaltóirí, monaróirí, fiontraithe, ceardchumainn agus institiúidí taighde – a bheith rannpháirteach sa phróiseas sin ar bhealach réamhghníomhach. Is cuidiú a bheidh ann faisnéis ábhartha maidir le deiseanna agus cuspóirí a chur ar fáil agus na geallsealbhóirí a spreagadh in am trátha.

3.3. Tacaíonn CESE le cur chuige comhchuibhithe an Rialacháin agus na ngníomhartha tarmligthe toisc go bhfágann an cur chuige sin go seachnaítear an ilroinnt agus go dtugtar aghaidh ar shainiúlachtaí na dtáirgí, ar inacmhainneacht na dtomhaltóirí agus ar an iomaíocht. Is deis don Eoraip iad na táirgí inbhuanaithe, deis do na gnólachtaí, don nuálaíocht, deis ar phoist nua, agus cuirtear mianta na dtomhaltóirí san áireamh fad a bhaineann leis an tionchar ar an gcomhshaol agus an ré a mhaireann na táirgí.

3.4. Is díol sásaimh do CESE an raon feidhme a bheith á leathnú le táirgí breise a thabhairt san áireamh, agus is díol sásaimh dó chomh maith céanna ceanglais níos déine a bheith ann. Tugann CESE dá aire go bhfuil rudaí nua ann do na cuideachtaí monaraíochta, an pas táirge digiteach, mar shampla, sin agus na rialacha maidir le hearraí nár díoladh, mar aon leis na rialacha atá sonrach ó thaobh an táirge de, ach níl neart air sin má tá i ndán go dtiocfaidh an geilleagar ciorclach chun cinn. Ag an am céanna, bunóidh sé caighdeán nua "Déanta san Eoraip", agus cruthóidh sé deiseanna eacnamaíocha i réimsí an deartha, na diúscartha agus an deisiúcháin.

3.5. Tá CESE á thabhairt le fios gur gá comhleanúnachas a áirithiú i ngach réimse reachtaíochta lena mbaineann. Áirítear leis sin comhleanúnachas an ama agus an ábhair i gcomhthéacs an Phlean Gníomhaíochta seo, ionas nach dtarlóidh laghdú ar an éifeachtacht de thoradh ilroinnt reachtaíochta agus na gcleachtas éagsúil atá ann ar fud na mBallstát. Mar sin féin, ní lú is tábhachtach comhleanúnachas a áirithiú i réimsí tábhachtacha tacaíochta eile de chuid na reachtaíochta, an Treoir ón gCoimisiún Eorpach i dtaca le dícheall cuí maidir le hinbhuanaitheacht chorparáideach, mar shampla, nó na rialacha maidir le dramhaíl, rud atá tábhachtach don phróiseas ciorclach, lena n-áirítear bearta onnmhairiúcháin, an Rialachán maidir le Faireachas Margaidh, etc.

3.6. Aithníonn CESE an gá atá le gníomhartha tarmligthe a ghlacadh agus ó tharla nithe go leor ar easpa cinnteachta sna gníomhartha sin, tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún plean oibre níos mionsonraithe a chur ar fáil chomh maith. Is é is aidhm dó sin a áirithiú go gcumhdaítear líon mór táirgí leis na gníomhartha tarmligthe. San am céanna, ba cheart eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus na ceardchumainn a bheith páirteach ann ó thús na hoibre.

3.7. Tugann CESE dá aire gur píosa reachtaíochta an-chasta é an Rialachán maidir le hÉicidhearthóireacht, píosa reachtaíochta a chuirfidh athrú ar an tsamhail eacnamaíoch atá ann faoi láthair. Tá CESE den tuairim gurb é is riachtanach an reachtaíocht sin a chur chun feidhme go tapa ach go cóiriúil. Dá bhrí sin, tá acmhainní daonna leordhóthanacha ag teastáil chun na gníomhartha tarmligthe sin a chur chun feidhme. Ós rud é go mbeidh ceanglais nua á gcur i bhfeidhm ar na tomhaltóirí, na gnólachtaí, lucht deisiúcháin, agus na húdaráis mhaoirseachta chomh maith, meastar gur gá freisin gach páirtí eacnamaíoch a bheith rannpháirteach a dhóthain sa phróiseas faisnéise.

3.8. Ba cheart eintitis phoiblí a bheith ar thús cadhnaíochta sa soláthar glas sa phróiseas soláthair phoiblí a bhfuil siad freagrach as. Mar sin féin, d’fhéadfaidís tionchar níos mó a bheith acu ach an soláthar glas a bheith ina choinníoll sna treoirlínte maoiniúcháin do thacaíocht nó fóirdheontais, i gcláir infheistíochta éagsúla an Aontais le cuideachtaí nó le haghaidh tríú páirtithe, cuir i gcás.

3.9. Tugann CESE dá aire gur buntáiste don tomhaltóir atá sna ceanglais éicidhearthóireachta, agus gur cheart gur buntáiste soiléir so-aitheanta a bheadh ansin. Is cuimsithí na ceanglais atá ann faoi seo sa Rialachán nua maidir le hÉicidhearthóireacht, agus, dá bhrí sin, tharlódh méadú ar chostas na dtáirgí sa siopa, ach tharlódh, ag an am céanna, laghdú costais a bheith i gceist de bharr feabhas ar an bhfeidhmíocht, ar an marthanacht, ar an uasghrádú agus ar an indeisitheacht, chomh maith leis an luach ag an deireadh ré a bheadh níos airde. Trealamh a úsáid atá níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de, sin bealach le fuinneamh a spáráil agus le hairgead a choigilt. Ó thaobh luach ar airgead de, is fearr táirgí marthanacha ná táirgí nach maireann i bhfad. De bharr an togra nua le haghaidh treorach, d’fhéadfadh na tomhaltóirí EUR 285 ([2]) a choigilt in aghaidh na bliana ar an meán. Tá béim sa Rialachán ar an inacmhainneacht, agus ba cheart na buiséid éagsúla teaghlaigh a chur san áireamh san fhoráil sin d’fhonn a áirithiú nach rud eisiach a bheidh san éicidhearthóireacht. Is tábhachtaí, dá bhrí sin, tacaíocht airgeadais a chur ar fáil do na tomhaltóirí nuair atá táirgí inbhuanaithe á gceannach acu den chéad uair, agus i gcomhair na huaire atá táirgí inbhuanaithe le deisiú acu.

3.10. *Gnéithe comhshaoil*

3.10.1. Is éard atá san éicidhearthóireacht achainí ar dhaoine lena gcur ag smaoineamh ar bhealach ciorclach. Cuireann CESE an pointe sin i bhfios i ndáil leis an méid seo a leanas go háirithe:

— Reachtóireacht agus bearta rialaithe: dá mbeadh maolú ann i gcás na ngníomhartha tarmligthe, sin nó dá mbeadh eisceachtaí ann ina dtaobh, nó dá dtarlódh ceachtar den dá rud sin i gcás na ngealltanas deonach, bheadh lúb ar lár ann a bheadh in éadan na spriocanna. Na ceanglais éicidhearthóireachta, na ceanglais feidhmíochta agus faisnéise, lena n-áirítear paraiméadair na dtáirgí, is ceanglais iad ar cheart comhsheasmhacht a bheith iontu ar an leibhéal cuí.

— Cuideachtaí atá in ainm agus smaoineamh a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag saolré an táirge ar an gcomhshaol, ar úsáid an táirge go fadtéarmach, ar an éascaíocht i gcóiriú agus i ndeisiú an táirge le linn a dheartha, nó smaoineamh ar an táirge a tháirgfear le cur i gcomharbas air i ndeireadh a ré. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeánú na dtáirgí chomh maith. I measc na samplaí a luaitear anseo, tá na tomhais éagsúla a bhíonn ar bhoinn nó ar cháblaí luchtaithe.

— Na tomhaltóirí arb éard atá dlite dóibh nuair atá cinneadh maidir le ceannach á dhéanamh acu faisnéis riachtanach a fháil faoi tionchar an táirge ar an gcomhshaol, maidir le saolré an táirge, a dheisiú, a úsáid i ndeireadh a ré, sin agus a dhiúscairt.

3.10.2. Is í an athchúrsáil, tar éis úsáid an táirge ar feadh i bhfad, agus tar éis a athúsáide, an chéad chuid eile den Rialachán a bhaineann le bheith tíosach ar acmhainní. Is é aidhm atá ann méadú a chur ar an méid den táirge is féidir a athchúrsáil, ar in-athchúrsáilteacht na dtáirgí, agus ar luach na n-earnálacha athchúrsála agus deisithe. Tacaíonn CESE leis an gcuspóir, ach meabhraíonn sé go bhfuil roinnt bacainní teicniúla, dlíthiúla agus coincheapúla fós le sárú.

([2]) https://ec.europa.eu/info/energy-climate-change-environment/standards-tools-and-labels/products-labelling-rules-and-requirements/energy-label-and-ecodesign/about_en#Energysavings.

An machnamh atá déanta ar thimthriall na n-ábhar, léiríonn sé na bearnaí ollmhóra a chaithfear a líonadh leis an athrú a thabhairt i gcrích. Mar shampla, ba cheart rátaí athchúrsála níos airde a bheith ann i dteannta na gcuótaí íosta i gcás úsáid ábhair athchúrsáilte, nó in-athchúrsáilteacht theoiriciúil ([3]) táirgí a bheith comhsheasmhach le hindéantacht theicniúil na hathchúrsála agus le cur chun feidhme praiticiúil na mbeart athchúrsála. In earnáil na bplaisteach, mar shampla, tá gá le go leor athruithe sa ndearadh agus sa dtáirgeadh sula ndéantar amhábhair thánaisteacha a chóireáil ar bhealach éagsúil le hamhábhair phríomhúla ([4]).

Is deis don Eoraip í an athchúrsáil freisin. Mar shampla, is ina n-amhábhar nó ina dtáirgí a onnmhairítear na mianraí miotalacha luachmhara. Ina dhiaidh sin déantar a ndiúscairt nó a gcur ar fáil sa saol ar bheagán costais. Tá gluaisteáin agus dramhaíl leictreonach go mór i gceist leis sin. Ba cheart iad sin a mheas agus a láimhseáil in aicme na n-ábhar in-athúsáidte. Is é leas na haeráide táirgí a bhaint ó chéile, iad a athphróiseáil, agus iad a athchúrsáil. Cruthaíonn siad breisluach nach beag agus poist nua chomh maith céanna ([5]). Sa mhéid sin ar fad, is ríthábhachtach freisin an chothromaíocht eacnamaíoch, chomhshaoil agus shóisialta a chur san áireamh.

3.10.3. Is díol sásaimh do CESE an méid atá beartaithe sa togra maidir le gníomhú in aghaidh earraí nár díoladh, agus tá sé den tuairim gur féidir a bheith níos uaillmhianaí arís sa chur chuige sin. Ó thaobh na sochaí de, ní rud inmhianaithe táirgí atá iomlán a bheith á scriosadh, lena n-áirítear táirgí nua, chomh maith le táirgí a cuireadh ar ais, sin agus táirgí is féidir a dheisiú, mar níl ansin ach cur amú acmhainní. An moladh a rinne an Coimisiún nach ndéanfaí ar an gcéad chéim ach taifid a iarraidh ar chuideachtaí agus díolmhú a bheith ann i gcás na FBManna, sin moladh a bhfuil easnamh ann dar le CESE. Nuair is trí ghníomhartha tarmligthe atá sé i gceist bearta níos láidre a dhéanamh, is leor de chúis amhrais sin ann féin faoi na cuspóirí a bheith á gcur i gcrích go héifeachtach. Tacaíonn CESE leis an gcosc a chuirfí ar tháirgí gan díol a bheith á scriosadh, ar choinníoll nach mbeadh contúirt iontu. Ba cheart iarraidh ar ghnólachtaí agus ar ardáin mhiondíola cleachtais ghnó a thabhairt chun cinn a chuirfeadh laghdú suntasach ar líon na dtáirgí a thugtar ar ais, sin agus ar na stoic a bhíonn gan díol. Ba cheart na tomhaltóirí a chur ar an eolas freisin faoin tionchar ar an gcomhshaol atá ag earraí a thugtar ar ais.

3.11. *Gnéithe eacnamaíocha*

3.11.1. Cuireann CESE in iúl gur díol sásaimh, i bprionsabal, do FBManna an togra le haghaidh Rialacháin ach nach gan sceipteachas atáthar ag féachaint air ach oiread. Tá teorainn leis na hacmhainní (daonna) atá ar fáil do FBManna. Thar aon ní eile, is le gach atá de dhíth ar FBManna mar aon leis na riachtanais atá acu a rachaidh na bearta tacaíochta dá dtagraítear sa Rialachán i ngleic. Ina theannta sin, bíonn deacrachtaí ag FBManna páirt a ghlacadh sna nósanna imeachta soláthair phoiblí atá de dhíth. Dá bhrí sin, ba cheart réitigh a lorg lena chur ar a gcumas páirt a ghlacadh sna nósanna imeachta ábhartha. Sa deireadh thiar, ó thaobh FBManna de, is éard atá ag teastáil comhlántacht idir an Rialachán maidir le Táirgí Inbhuanaithe agus na rialacha sonracha a bhaineann leis na táirgí. Ar an gcaoi sin, seachnófar dúbláil na gcostas agus ualach an rómhaorlathais.

3.11.2. Tá ról lárnach ag na deisitheoirí le fad saoil a bhaint as na táirgí. Dá bhrí sin, ba cheart é a dhéanamh níos éasca do na deisitheoirí, do na gnólachtaí athúsáide socheacnamaíocha agus do thionscnaimh deisithe áitiúla/na sochaí sibhialta a n-áit féin a ghlacadh sa tsamhail chiorclach seo. Maidir leis an nGearmáin agus an Ostair, ba thairbheach an rud a bhí ann i gcás tionscnaimh dheisiúcháin árachas a bheith acu le haghaidh an deisithe, rud a thug de dhlisteanas dóibh san am céanna obair dheisiúcháin a dhéanamh.

3.12. Aithnítear sa Teachtaireacht gur tábhachtach na huirlisí iad na samhlacha nua gnó ciorclacha ([6]). Ní mór dóibh a bheith tarraingteach, faiseanta agus na gnólachtaí agus na tomhaltóirí a spreagadh, agus ní mór dóibh a áirithiú go mbeidh dálaí oibre iomchuí ann. Tá samhlacha den chineál sin ann cheana sa chleachtas, an geilleagar comhroinnte, mar shampla, an táirge mar sheirbhís agus íoc de réir na húsáide. Molann CESE úsáid na n-ardán dea-chleachtais atá ann cheana a spreagadh agus iad a chur in oiriúint do dhúshláin reatha an gheilleagair chiorclaigh. I measc na samplaí atá liostaithe, tá BauKarussell: i gcás ábhar a dhéantar a scartáil nó a athchóiriú, is iadsan a tháirgeann é d'úsáideoirí eile. Sampla eile is ea na gréasáin deisithe a ligeann don tomhaltóir dul i dteagmháil leis an deisitheoir. Mar sin féin, is iomaí bunachar sonraí nach bhfuil mealladh na soláthraithe ná na n-úsáideoirí iontu.

---

([3]) Pomberger, R. (2020). *Über theoretische, praktische und reale Recyclingfähigkeit* https://doi.org/10.1007/s00506-020-00721-5, https://doi.org/10.1007/s00506-019-00648-6

([4]) Teachtaireacht dar teideal *A European Strategy for Plastics in a Circular Economy* [Straitéis Eorpach maidir le hÁbhar Plaisteach sa Gheilleagar Ciorclach], COM(2018) 28 final.

([5]) IO C 220, 9.6.2021, lch. 118.

([6]) Féach INT/778 *An nuálaíocht mar spreagadh do shamhlacha nua gnó* (tuairim), IO (C 303, 19.8.2016, lch. 28). (níl leagan Gaeilge ann).

3.13. Dar le CESE is mithid aird na dtomhaltóirí a dhíriú ar an ngnó inbhuanaithe agus na táirgí a úsáid go deireadh na ré atá luaite leo. Maidir le táirgí atá fós ag feidhmiú ach gan iad á n-úsáid a thuilleadh (e.g. ríomhairí glúine, fóin phóca, tóstaeir, etc.), tá staidéir acadúla [7] ann a léiríonn go gcoinnítear sna tithe iad ar feadh suas le sé bliana. Dá bhrí sin, tá gá le dreasachtaí iomchuí do thomhaltóirí chun táirgí nach bhfuil á n-úsáid a thuilleadh a choinneáil i dtimthriall na húsáide.

3.14. *Gnéithe sóisialta*

3.14.1. Is trua le CESE nach bhfuil an ghné shóisialta cumhdaithe ag an Rialachán. Is cosúil nach leor tagairt don togra ón gCoimisiún maidir leis an Treoir i dtaca le dícheall cuí [8] maidir le hinbhuanaitheacht chorparáideach, ós rud é gur léir sa Treoir sin go dtugtar tús áite do chur chuige atá dírithe ar phróisis i leith slabhraí luacha domhanda agus nach bhféadfaí saincheisteanna sóisialta atá sonrach ó thaobh an táirge de a chumhdach go leordhóthanach. Cuireann CESE i bhfios go neamhbhalbh, ó thaobh na hinbhuanaitheachta de, nach mór déileáil i gcónaí le gach ceann de na trí ghné, eadhon an inbhuanaitheacht eacnamaíoch, an inbhuanaitheacht shóisialta agus inbhuanaitheacht an chomhshaoil, agus tá sé ag iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún an Rialachán a athscrúdú féachaint an rud ciallmhar a bheadh ann gnéithe sóisialta táirgeshonracha a chur san áireamh freisin.

3.14.2. Cuireann CESE in iúl nach post inbhuanaithe gach post glas, mura gcuirtear na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ar fad san áireamh. Ní mór comhlíonadh na gcaighdeán saothair a áirithiú, go háirithe ar chúiseanna iomaíochta.

3.14.3. Rinne tionscadal de chuid na gcomhpháirtithe sóisialta Eorpacha [9] staidéar ar thionchar an gheilleagair chiorclaigh ar an bhfostaíocht agus ar dhálaí oibre. D'fhéadfadh an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach idir 250 000 agus 700 000 post nua a chruthú faoi 2030. Tá éagsúlacht mhór tionchair ann ó earnáil go chéile agus ó réigiún go chéile. Is d'earnáil na dramhaíola agus d'earnáil an deisiúcháin is mó a rachaidh an scéal chun tairbhe, ach is diúltach an tionchar a imreofar ar earnáil na mianadóireachta agus ar earnáil na gceimiceán. Beidh lucht saothair ag teastáil a mbeidh oiliúint mhaith orthu freisin (e.g. bainistiú dramhaíola). Ní mór féachaint chuige go ginearálta go mbeidh poist mhaithe ar fáil agus go n-íocfar luach saothair cuibhiúil leis na hoibrithe. Is trua le CESE nach bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún faoi láthair idirphlé sóisialta a chur ar bun chun iarmhairtí an aistrithe chuig an ngeilleagar ciorclach a chur san áireamh.

## 4. **Barúlacha sonracha**

4.1. *Faisnéis sa phas táirge digiteach, ar na lipéid agus ar na héicilipéid*

4.1.1. Is díol sásaimh do CESE rochtain a bheith ar fhaisnéis chuimsitheach faoin táirge sa phas táirge digiteach. Ba cheart rochtain a bheith ag na gníomhaithe uile ar feadh an tslabhra soláthair ar an bhfaisnéis ar bhealach spriocdhírithe agus ar bhealach atá soláimhsithe don úsáideoir. Ba cheart don fhaisnéis sin a bheith ar an mbuneolas a chabhróidh leis an tomhaltóir cinntí a dhéanamh i leith an gheilleagair chiorclaigh maidir le ceannach, athúsáid, deisiú agus diúscairt laistigh den timthriall. Áirítear orthu sin an cion CO2 atá sa táirge, an cion den tearc-chré, na comhábhair ghuaiseacha, ábhar nach féidir a athchúrsáil, liosta na bpáirteanna indeisithe, a infhaighte atá siad nó, i gcás bogearraí, an chomhoiriúnacht agus na costais atá ag gabháil leo. Is díol sásaimh do CESE deis a bheith ann faisnéis maidir le gnéithe eile den inbhuanaitheacht a chur san áireamh sa phas táirge digiteach [10]. Molann CESE, ina leith sin, innéacs deisiúcháin a chur leis an bpas táirge digiteach, innéacs ina mbeadh faisnéis faoi indeisitheacht, go mór mór faoi chomhpháirteanna tábhachtacha a bhíonn le hathrú de bharr a gcaite, faoi phraghas na bpáirteanna spártha agus faoina n-infhaighteacht le himeacht ama, chomh maith le faisnéis faoi na coinníollacha oibre faoinar monaraíodh na táirgí. Ba cheart an fhaisnéis riachtanach a chur ar fáil freisin do na tomhaltóirí i bhfoirm fhisiciúil, an ráthaíocht, mar shampla, sin nó an cion CO2 atá sa táirge.

Níor chóir gur uirlis a bheadh sa bpas digiteach sin a thabharfadh ar chuideachtaí tarraingt ar acmhainní breise (bailiú sonraí), ach uirlis a ionchorpraíonn córais atá ann cheana. Mar sin féin, ós de na ceanglais atá ann sonraí atá íogair a sholáthar, sonraí atá ag éirí níos trédhearcaí i rith an ama, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá freisin le hathbhreithniú ar chomhsheasmhacht an chinnidh maidir le cearta maoine tionsclaíocha.

4.1.2. Lipéid

An fhaisnéis faoin táirge atá le cur ar fáil do na tomhaltóirí, faisnéis atá le leagan síos sna gníomhartha tarmligthe, is ar na lipéid ba cheart í a chur in iúl. Ba mhaith le CESE aird a dhíriú ar sholáthar faisnéise atá ceart soiléir trédhearcach do na custaiméirí, mar atá, sonraí faoi thionchar an táirge ar an aeráid, an t-ábhar atá ann agus an comhdhéanamh atá air, faoi chomhlíonadh chaighdeáin na n-oibrithe, an mharthanacht agus an indeisitheacht, ceithre rud a bhfuil tábhacht mhór leo.

(7) Éisteacht phoiblí, NAT/851, Cur i láthair ó Gudrun Obersteiner, 29.4.2022.
(8) COM(2022) 71 final.
(9) https://www.etuc.org/en/publication/european-social-partners-project-circular-economy-and-world-work-0
(10) COM(2022) 142 final – 2022/0095(COD), lch 29, pointe 26.

4.1.3. Éicilipéid

Is le formheas saineolaí a dhéantar táirgí agus seirbhísí go leor a dheimhniú faoin Éicilipéad Eorpach. Is é aidhm atá ann é a bheith níos fusa do na tomhaltóirí leas an chomhshaoil, an mharthanacht agus ardcháilíocht a shainaithint, agus a chur i gcomparáid le táirgí eile. Níl sna ceanglais maidir leis an éicilipéad ach comhlánú ar an reachtaíocht táirgí atá bunaithe ar an Rialachán maidir le hÉicidhearthóireacht, ní hionann agus í a ionadú, agus an rialú a dhéanann na húdaráis faoin Rialachán maidir le hÉicidhearthóireacht, ní mór dóibh an fhaisnéis ar na héicilipéid a chumhdach freisin.

4.2. *Láithreacha margaidh ar líne*

Is tábhachtach an rud cothrom na hiomaíochta a bheith ag gach oibreoir eacnamaíoch agus, dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag rialacha dliteanais do mhargaí ar líne, go háirithe i gcás nach ngníomhaíonn aon ghníomhaí eile sa slabhra soláthair i gcoinne táirge neamhchomhlíontach ([11]).

4.3. Faireachas margaidh – rialú, toirmisc, agus fíneálacha: is ar na Ballstáit a chuirtear an cúram sin, agus is sa Chóras Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh (ICSMS) a fhoilsítear an t-eolas faoin neamhchomhlíonadh, is é sin an córas tuairiscithe agus faisnéise Eorpach i gcomhair táirgí a meastar iad a bheith neamhchomhlíontach nó contúirteach. Tá CESE i bhfabhar an togra chun an faireachas margaidh a leathnú agus a fheabhsú, toisc gan 10 % go 25 % de na táirgí a ndearnadh suirbhé orthu a bheith ag comhlíonadh rialacha na Treorach maidir le hÉicidhearthóireacht ([12]). Ionas go mbeidh na Ballstáit in ann a gcuid cúraimí a chur i gcrích, is gá acmhainní a chur ar fáil don fhaireachas margaidh. Maidir le neamhchomhlíonadh go háirithe, níor mhór a áirithiú gurb éard a dhéanfaidh na húdaráis faireachais margaidh fógraí faoi neamhchomhlíonadh a fhiosrú go cuí. Is trua a rá gurb iomaí drochshampla atá ann d'imghabháil an mheasúnaithe comhréireachta. Tharla a leithéid le déanaí: cás maidir le caitheamh masc cosantach. Ba cheart do na húdaráis seiceálacha randamacha a dhéanamh go rialta. Ba cheart ról a bheith ag eagraíochtaí tomhaltóirí freisin mar sceithirí inniúla i gcásanna de neamhchomhlíonadh. Ba cheart dó sin tarlú go tapa agus go héifeachtach, de bhreis ar an Treoir maidir le caingne ionadaíocha chun leasanna coiteanna na dtomhaltóirí a chosaint. Chun faireachas éifeachtach a dhéanamh ar an margadh sna Ballstáit uile, tá gá le ról an-ghníomhach a bheith ag an gCoimisiún Eorpach sa réimse seo, ionas go mbeidh cothrom iomaíochta ann do gach gnólacht sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, a bhuíochas sin do leibhéal cothrom rialaithe a bheith ann. Ina theannta sin, tarraingítear aird ar an deis atá ann feabhas a chur ar leathanach baile ICSMS maidir lena inúsáidte atá sé agus maidir leis an bhfaisnéis atá ann.

4.4. Is díol sásaimh do CESE an Fóram Éicidhearthóireachta agus rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí uile sa phróiseas sin, ach meabhraíonn sé nach mór aird a thabhairt ar fheidhmiú éifeachtach an Fhóraim sin agus ar fhreagrachtaí, ar inniúlachtaí, agus ar acmhainní i leith na gcúraimí atá air. Mar shampla, ní féidir leis an bhFóram meastóireacht a dhéanamh ar bhearta féinrialála. Is cúram é seo do na húdaráis nó don Choimisiún Eorpach.

4.5. Níor cheart leas a bhaint as na bearta sin ach i gcásanna eisceachtúla, mar ionstraim mhalartach ar ghníomh tarmligthe do ghrúpa táirgí. Má chuirtear i bhfeidhm iad, ba cheart na critéir iontu maidir le soiléire, cumhdach margaidh agus cáilíocht a bheith gaolmhar leis na critéir sna gníomhartha tarmligthe.

4.6. Ba mhaith le CESE tagairt shainráite a dhéanamh do Ardán Eorpach Gheallsealbhóirí an Gheilleagair Chiorclaigh ([13]) i gcomhthéacs na tuairime seo. I mí an Mhárta 2017, rinne CESE agus an Coimisiún Eorpach tionscnamh an Ardáin sin a sheoladh go comhpháirteach, tionscnamh a thacaíonn le comhpháirtíochtaí nua, sin agus le réitigh le tuilleadh forbartha a chur ar an ngeilleagar ciorclach ar fud na hEorpa. Is éard is cuspóir dó freisin léiriú a dhéanamh ar an rannchuidiú tábhachtach is féidir leis an ngeilleagar ciorclach a dhéanamh le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme.

An Bhruiséil, an 14 Iúil 2022.

*Uachtarán*
*Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa*
Christa SCHWENG

([11]) Mar eolas: *INT*/957 Athbhreithniú ar an Treoir maidir le sábháilteacht táirgí (IO C 105, 4.3.2022, lch 99) –Tá aghaidh á tabhairt anseo cheana ar ghnéithe tábhachtacha den tsábháilteacht táirgí.

([12]) J. Bürger/G. Paulinger, Vienna Chamber of Labour (2022) https://emedien.arbeiterkammer.at/viewer/resolver?urn=urn:nbn:at:at-akw:g-5230098, lch. 88.

([13]) https://circulareconomy.europa.eu/platform/